



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre Éisteacht ó Bhéal ABP-311965-21

| | |
|--------------------|---|
| Cás | Scéim Feabhsúcháin Bóthair Bhóthar na Chóiste ina ndéanfar tuairim is 0.516 ciliméadar de bhóthar poiblí ag Bóthar Na Chóiste a thógáil agus a leathnú, Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uimh. BnC-CPO-001, 2021 - Comhairle Cathrach na Gaillimhe. |
| Dáta | Dé Céadaoin, an 4 ^ú lá de Bhealtaine 2022 |
| Am Tosaithe | 10.00 ar maidin |
| Suíomh | Ar líne – MS Teams |

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach páirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a dhéanamh ar aon ábhar pleanála nó aighneacht a fuarthas. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht. Níl dualgas dá laghad ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.

Iarrtar ar gach páirtí a bheith aireach ar chineál an iarratais seo agus a chinntiú go mbaineann cur i láthair nó ceisteanna le cineál an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh seo. Meastar gur dócha go dtógfaidh sé níos lú ná an 30 nóiméad is incheadaithe do na páirtithe aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann leis an OCÉ.

Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná dlínse ag an mBord sa chinneadh ná i measúnú an chúitimh agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh in aon aighneacht chuig an éisteacht de bhrí nach gcuirfear am ar fáil d'aon phlé mar gheall ar chúiteamh.

Féadfaidh an Bord ordú a dhéanamh go n-íocfaí ranníocaíocht i leith chostais aon duine a thagann go dtí an éisteacht ó bhéal, a thabhaigh an duine sin as bheith i láthair ag an éisteacht. Faoi lánrogha an Bhoird a dhéanfar aon íocaíocht. Ba chóir aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtain ó dháta na héisteachta seo.

Má bheartaíonn tú cóip scríofa de d'aighneacht a chur ar fáil nó áiseanna amhairc (léirithe, léarscáileanna, grianghraif srl.) a úsáid agus tú ag labhairt, ba chóir iad sin a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach don Bhord dhá lá ar a laghad roimh an éisteacht (agus coimeádfar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta). Déanfaidh soláthraí seirbhíse a eagróidh an Bord Pleanála taifead d'aighneachtaí a chuirtear faoi bhráid na héisteachta ó bhéal seo. Ní ceadmhach duit na himeachtaí ag éisteacht ó bhéal a thaifeadadh.

Tá clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le clár ama. Beidh deis ag Comhairle Contae Chill Mhantáin freagra aonair a thabhairt ar gach agóideoir díreach tar éis don chainteoir sin labhairt. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir go n-athrófar é i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.

| |
|---|
| |
| 10.00 am - Oscailt na hÉisteachta |
| 10.10 am – Cur síos ar an OCÉ agus ar an tionscadal amháin – cuntas gearr le cur i láthair ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (30 nóiméad ar a mhéad). |

10.40 am - A gcásanna á gcur i láthair ag an agóidí (30 nóiméad ar a mhéad) sula dtabharfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagra ar an bpáirtí díreach ina dhiaidh:

- Joseph Joyce

11:30 am – Break (20 mins)

11:50 – Lean de na cur i láthair más gá - am a chur i leataobh do cheisteanna an Chigire agus chun aon tsaincheist a thagann chun cinn a shoiléiriú.

12.20 pm – Tráchtaí deiridh

- Agóidí (5 nóiméad ar a mhéad do gach páirtí agus níor chóir aon cheist nua a tharraingt anuas)
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Dúnadh na héisteachta ó bhéal - An Cigire